An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

## An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

# Beartas um Mheasúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí

**Feabhra 2021**

**Aidhm**

Mar rialaitheoir na sonraí, tá an Roinn freagrach as tionchar a cuid oibríochtaí próiseála ar chosaint na sonraí pearsanta a mheas, i gcás inar dócha go mbeadh riosca suntasach ann do chearta na ndaoine lena mbaineann na sonraí seo. Déantar a leithéid trí úsáid a bhaint as Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (MTCS).

**Cuspóir**

Sé atá mar chuspóir le MTCS ná an fheasacht faoi rioscaí cosaint na sonraí a bhaineann le tionscadal a fheabhsú, agus na rioscaí sin a aithint agus a mhaolú. Cuidíonn sé seo le dearadh an tionscadail a fheabhsú agus an chumarsáid a fheabhsú le geallsealbhóirí faoi na rioscaí príobháideachais a bhaineann le sonraí pearsanta. Is iad seo a leanas cuid de na buntáistí a bhaineann nuair a dhéantar MTCS:

· Cearta an duine aonair a chosaint
· Cosaint na sonraí a chumasú trína dearadh i tionscadail nua
· Bainistíocht an Riosca
· Bainistíocht Réamhghníomhach

**Raon Feidhme**

Déanfaidh an Roinn MTCS ar thionscadail ar leith. Is féidir breathnú ar fheidhm ar leith de chuid na Roinne, nó clár athruithe ar oibríochtaí na Roinne, mar thionscadal.

Déanfaidh an Roinn MTCS nuair is dóigh go mbeadh riosca suntasach ann do chearta na ndaoine lena mbaineann na sonraí, sna cásanna seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

· Sa chás go n-úsáidtear sonraí pearsanta ar scála mór chun críche(í) seachas na críche ar bailíodh iad ina leith ar dtús de réir Alt 6 (4) an RGCS.
· Próiseáil ar scála mór na gcatagóirí sonraí ar leith dá ndéantar tagairt dóibh in Alt 9 an RCGS (m.sh. faisnéis sláinte).
· I gcás córais nua TF a chur i bhfeidhm a sháraíonn cearta na ndaoine lena mbaineann na sonraí.
· Sa chás go n-athraítear na rioscaí a mbaineann le hoibríocht próiseáil na sonraí pearsanta.

Is féidir leis an Roinn athscrúdú a dhéanamh ar MTCS má athraíonn gníomhaíochtaí na próiseála nó má athraíonn na rioscaí a mbaineann leis an bpróiseáil. Ina leithéid cásanna déanfar athbhreithniú chun a mheas an bhfuil riosca breise ann go gcaithfear á mhaolú.

De ghnáth, níl gá le MTCS sna cásanna seo a leanas:

· I gcás "nach dócha go mbeadh riosca suntasach do chearta gnáth-dhaoine" mar thoradh ar an bpróiseáil.
· Nuair a bhíonn cineál, raon feidhme, comhthéacs agus cuspóirí na próiseála an-chosúil leis an bpróiseáil a ndearnadh MTCS ina leith cheana. Ina leithéid cásanna, is féidir torthaí an MTCS a úsáid le haghaidh próiseála den chineál céanna.
· I gcás go bhfuil bunús dlí ag oibríocht phróiseála i ndlí an AE nó i mBallstát agus go bhfuil ráite aici nach gá MTCS tosaigh a dhéanamh, má rialaíonn an dlí an oibríocht phróiseála ar leith agus má cuireadh MTCS, de réir chaighdeáin an RGCS, i gcrích cheana féin mar chuid de bhunú an bonn dlí sin.
· Sa chás go bhfuil an phróiseáil ar an liosta roghnach (arna bhunú ag an údarás maoirseachta) d'oibríochtaí próiseála nach bhfuil aon MTCS ag teastáil ina leith. Is féidir le gníomhaíochtaí próiseála, atá ag cloí leis na coinníollacha atá leagtha síos ag an údarás seo, a bheith ar a leithéid liosta, go háirithe trí threoirlínte, cinntí nó údaruithe ar leith, rialacha comhlíontachta, srl. Ina leithéid cásanna, agus faoi réir athmheasúnaithe ag an údarás maoirseachta inniúil, níl gá le MTCS má thagann an phróiseáil go dian faoi raon feidhme an

ghnáis lena baineann mar atá luaite ar an liosta agus má leanann sé ag comhlíonadh na riachtanas ar leith go hiomlán.

**<u>Critéir Mheasúnaithe (maidir le próiseáil ar ardriosca)</u>:**

Aon mheastóireacht nó scóráil, lena n-áirítear próifíliú agus tuar, agus go háirithe iad atá bunaithe "ar ghnéithe a bhaineann le feidhmíocht an duine ar leith ag an obair, ar a staid eacnamaíoch, ar a shláinte, ar a chuid roghanna nó leasanna pearsanta, ar a iontaofacht nó ar a chuid iompair, suímh nó gluaiseachtaí".

· Cinnteoireacht uathoibrithe le héifeacht suntasach dlíthiúil nó a leithéid, nó próiseáil a bhfuil sé mar aidhm aici cinntí a dhéanamh ar na daoine lena mbaineann a bhfuil mar thoradh acu "éifeachtaí dlíthiúla maidir leis an ngnáth-dhuine" nó a "théann i bhfeidhm go mór ar an ngnáth-dhuine sa chaoi chéanna".

· Monatóireacht chórasach, sin í an próiseáil a úsáidtear chun breathnú, monatóireacht nó rialú a dhéanamh ar dhaoine ar leith, lena n-áirítear na sonraí a bhailítear trí "mhonatóireacht chórasach ar limistéar a bhfuil rochtain poiblí air".

· Sonraí pearsanta rúnda, ina measc catagóirí sonraí ar leith (m.sh. faisnéis faoi thuairimí polaitiúla pearsanta), chomh maith le sonraí pearsanta a mbaineann le ciontuithe nó le cionta coiriúla.

· Sonraí arna bpróiseáil ar scála mór, agus na cúinsí seo a leanas á gcur san áireamh:

1. Líon na n-ábhar sonraí lena mbaineann, mar líon ar leith nó mar chion den daonra lena mbaineann.
2. Méid na sonraí agus/nó raon na míreanna éagsúla sonraí atá á bpróiseáil.
3. Fad, nó buanacht gníomhaíocht próiseál na sonraí.
4. Réimse geografach an ghníomhaíocht próiseála.

· Tacair sonraí, a tháinig mar shampla ó dhá oibríocht próiseál na sonraí nó níos mó a rinneadh chun críocha éagsúla agus/nó ag rialaitheoirí sonraí éagsúla, a cuireadh i gcomparáid le nó a cuireadh le chéile ar bhealach a sháródh ionchais réasúnta an duine lena mbaineann.

· Sonraí a mbaineann le daoine ar lagchuidiú, a bhféadfadh MTCS á theastáil uathu mar gheall ar éagothroime mhéadaithe na cumhachta idir an duine lena mbaineann na sonraí agus rialaitheoir na sonraí, rud a chiallaíonn nach bhféadfadh an duine lena mbaineann a bheith in ann cead a thabhairt chun a chuid sonraí a phróiseáil nó cur i gcoinne a leithéid..

· Úsáid nuálach a bhaint as nó cur i bhfeidhm réitigh theicneolaíocha nó eagrúcháin, ar nós méarloirg agus aitheantas aghaidhe a úsáid le chéile le haghaidh rialú rochtana fisicigh feabhsaithe, srl.

· Aistriú na sonraí thar theorainneacha lasmuigh den Aontas Eorpach.

· Nuair a chuireann an phróiseáil féin "cosc ar na daoine lena mbaineann na sonraí úsáid a bhaint as ceart nó seirbhís nó conradh".

**<u>Am an MTCS</u>**

Déanfaidh an Roinn an MTCS roimh an bpróiseáil, le linn céim dhearaidh na hoibríochta próiseála atá beartaithe. I gcás roinnt tionscadal, b'fhéidir go gcaithfidh an MTCS a bheith ina phróiseas leanúnach agus a uasdátúú de réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh.

**<u>Róil agus Freagrachtaí</u>**

Tá an Roinn freagrach as a chinntiú go ndéantar an MTCS. Is féidir an freagracht seo a chur amach chuig soláthraí seachtrach, ach tá an Roinn freagrach as sa deireadh.

Ba cheart go mbeadh an MTCS á stiúiriú ag daoine a bhfuil an t-eolas cuí acu faoin tionscadal atá i gceist, foireann an tionscadail de ghnáth.

Má tá baint ag an bpróiseálaí sonraí leis an bpróiseáil, ba cheart don phróiseálaí sonraí cabhrú leis an MTCS agus aon fhaisnéis riachtanach a chur ar fáil.

Ní mór don Roinn tuairimí na ndaoine lena mbaineann na sonraí nó a n-ionadaithe a scrúdú "nuair is cuí" agus an MTCS á chur i gcrích. I roinnt cásanna, is féidir le daoine laistigh den Roinn a bheith ina n-ábhair sonraí.

Nuair a bhíonn tuairimí na ndaoine lena mbaineann á lorg, ligtear imní na ndaoine a bhféadfadh tionchar a bheith orthu a thuiscint ag an Roinn, agus an trédhearcacht a fheabhsú trí na daoine a chur ar an eolas faoin gcaoi a bhfuil sé beartaithe a gcuid faisnéise a úsáid.

Is féidir tuairimí na ndaoine lena mbaineann a lorg ar bhealaí éagsúla, ag brath ar an gcomhthéacs. Muna bhfuil cinneadh deiridh na Roinne mar an gcéanna le tuairimí na ndaoine lena mbaineann na sonraí, ba cheart na cúiseanna a thaifeadadh mar chuid den MTCS. Mura mbraitheann an Roinn gur cuí tuairimí na ndaoine lena mbaineann na sonraí a lorg, ba cheart an cúis lena leithéid a thaifeadadh chomh maith.

Sa chás go bhfuil gá le MTCS, lena n-áirítear sa chás go bhfuil bunús reachtach mar bhonn leis an bpróiseáil, bainfidh na gnéithe seo a leanas leis an MTCS:

- tuairisc chórasach ar oibríochtaí próiseála agus críocha na próiseála,
- measúnú ar riachtanas agus comhréireacht na n-oibríochtaí próiseála,
- measúnú ar na rioscaí do chearta na ndaoine lena mbaineann na sonraí,
- más cuí, is féidir leis an Roinn tuairimí na ndaoine lena mbaineann na sonraí a lorg,
- bearta a mholtar chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí,
- tuairisc ar na bearta a ghlacfaidh an Roinn chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí seo, lena n-áirítear na cosaintí, na bearta slándála agus na meicníochtaí a chuirfidh an Roinn i bhfeidhm chun comhlíontacht an RGCS a chinntiú.

**Príomh-chéimeanna an MTCS**

1. An gá le MTCS a aithint.
2. Tréithe an tionscadail a leagan amach ionas go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar na rioscaí.
3. Cosaint na sonraí agus na rioscaí gaolmhara a aithint.
4. Na réitigh maidir le cosaint na sonraí a aithint chun na rioscaí a laghdú nó a dhíbirt.
5. Críoch a chur le thorthaí an MTCS.
6. Réitigh cosaint na sonraí a thabhairt isteach mar chuid den tionscadal.

Rachaidh an Roinn i gcomhairle leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí muna n-aithníonn an MTCS cosaintí le haghaidh ardrioscaí iarmharacha a mhaolú.